BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 5(1)(a) – Dleathacht na próiseála – An chéad fhomhír d'Airteagal 6(1)(f) – An riachtanas atá le próiseáil chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí – Coincheap na 'leasanna dlisteanacha' – Leas tráchtála – Cónaidhm spóirt – Nochtadh na sonraí pearsanta chomhaltaí de chónaidhm spóirt chuig urraitheoirí gan toiliú na gcomhaltaí sin ar íocaíocht)

I gCás C-621/22,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír), trí bhreith an 22 Meán Fómhair 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Meán Fómhair 2022, sna himeachtaí

Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond

v

Autoriteit Persoonsgegevens,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: O. Spineanu-Matei, Uachtarán Dlísheomra, J.-C. Bonichot agus L. S. Rossi (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond, ag E. W. S. Peperkamp, O. M. van Rikxoort agus S. E. A. Vermeer-de Jongh, advocaaten,

– Autoriteit Persoonsgegevens, ag M. H. L. Hemmer agus T. N. Sanders, advocaaten,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag M. K. Bulterman agus 0M. J. Hoogveld, Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri agus E. De Bonis, Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar agus H. Kranenborg, Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, 'RGCS').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Koninklijke Nederlandse Lawn Tennisbond (Cumann Leadóige Ríoga na hÍsiltíre, 'KNLTB') agus Autoriteit Persoonsgegevens (Údarás cosanta sonraí, 'AP') maidir le cinneadh AP ag gearradh fíneáil ar KNLTB as rialacha RGCS a shárú.

An dlí lena mbaineann

RGCS

3 In aithrisí 1, 4 10, 39 agus 47 de RGCS foráiltear mar seo a leanas:

'1. Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus in Airteagal 16(1) [CFAE], foráiltear go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

[...]

(4) Ba cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a cheapadh ar chaoi agus go rachadh sí chun leas an duine. Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint; ní mór é a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Sa Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha uile agus comhlíontar na saoirsí agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, go háirithe urraim ar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ar an áit chónaithe agus ar chumarsáidí, urraim ar chosaint sonraí pearsanta do dhéanamh, an tsaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leigheas éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, agus an ceart i leith éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga.

[...]

(10) Chun leibhéal comhsheasmhach cosanta agus ardleibhéal cosanta a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus chun na bacainní ar shreabhadh sonraí pearsanta laistigh den Aontas a bhaint, ba cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith i ngach Ballstát do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí den sórt sin. Ba cheart a áirithiú go gcuirtear na rialacha maidir le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go haonchineálach ar fud an Aontais i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. [...]

[...]

(39) Ba cheart aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith dleathach agus cothrom. Ba cheart é a bheith trédhearcach do dhaoine nádúrtha go ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leo a bhailiú, a úsáid, a cheadú nó go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach eile agus a mhéid a dhéantar na sonraí a phróiseáil nó a dhéanfar iad a phróiseáil. [...]

[...]

(47) Le leasanna dlisteanacha rialaitheora, lena n-áirítear leasanna dlisteanacha rialaitheora a bhféadfar sonraí pearsanta a nochtadh dó, nó le leasanna dlisteanacha tríú páirtí, féadfar bunús dlí a thabhairt don phróiseáil, ar choinníoll nach mbeadh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí orthu, agus aird á tabhairt ar ionchais réasúnta na n-ábhar sonraí bunaithe ar a gcaidreamh a leis an rialaitheoir. D'fhéadfadh leas dlisteanach den sórt sin a bheith ann mar shampla i gcás ina bhfuil caidreamh ábhartha iomchuí idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir i gcásanna amhail gur cliant den rialaitheoir an t-ábhar sonraí nó go bhfuil an t-ábhar sonraí i seirbhís an rialaitheora. Ar aon chuma, chaithfí measúnú cúramach a dhéanamh ar aon leas dlisteanach a bheadh ann, lena n-áirítear a mheas an bhféadfadh an t-ábhar sonraí a bheith ag súil leis go réasúnta tráth bhailiú na sonraí pearsanta agus i gcomhthéacs bhailiú na sonraí pearsanta go bhféadfaí próiseáil a dhéanamh chun na críche sin. D'fhéadfadh sáraíocht a bheith ag leasanna bunúsacha agus ag cearta bunúsacha an ábhair sonraí ar leas an rialaitheora sonraí i gcás ina ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil in imthosca nach mbeadh na hábhair sonraí ag súil leis go ndéanfaí tuilleadh próiseála iontu. [...] Féadfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na margaíochta dírí a mheas mar phróiseáil a dhéantar ar mhaithe le leas dlisteanach. ’

4 Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 1(2) den Rialachán sin, dar teideal “Ábhar agus cuspóirí”:

Leis an Rialachán seo, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. ’

5 Leagadh síos an méid seo a leanas in Airteagal 4 den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;

2) ciallaíonn “próiseáil” aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

[…]

7) ciallaíonn “rialaitheoir” an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

[…]

11) ciallaíonn “toiliú” an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;

[…] ’

6 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal ‘Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta’:

‘1. Maidir le sonraí pearsanta:

a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí (“dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht”);

b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; […]

c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil (“íoslaghdú sonraí”);

[…]

2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint (“cuntasacht”). ’

7 Is mar seo atá foclaíocht Airteagal 6 RGCS, dar teideal ‘Dleathacht na próiseála’:

‘1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

[...]

f) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí.

Ní bheidh feidhm ag pointe (f) den chéad fhomhír maidir le próiseáil a dhéanann údaráis phoiblí i gcomhlíonadh a gcúraimí.

[...] ’

8 In Airteagal 13(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘An fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear sonraí ón ábhar sonraí’, foráiltear mar a leanas:

‘I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a fhaighfear na sonraí pearsanta:

[...]

c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;

d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí;

[...] ’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

9 Is léir ón ordú tarchuir gur cónaidhm spóirt é KNLTB atá comhdhéanta i bhfoirm comhlachais. Is iad a chomhaltaí na cumainn leadóige atá cleamhnaithe leis agus a mbaill. Nuair a thagann duine chun bheith ina bhall de chumann leadóige atá cleamhnaithe leis KNLTB, bíonn siad ina bhall de KNLTB go huathoibríoch freisin. Comhoibríonn an KNLTB le hurraitheoirí chun scaipeadh agus infheictheacht leadóige chomh maith le ballraíocht a chomhaltaí a mhéadú.

10 I rith 2018, nocht KNLTB sonraí pearsanta a chomhaltaí do dhá ceann dá urraitheoirí, eadhon SportshopsDirect B. V. ('TennisDirect'), cuideachta a dhíolann táirgí spóirt, agus Nederlandse Loterij Organisatie B. V. ('NLO') an soláthraí is mó de chluichí áidh agus cluichí casino san Ísiltír. Fuair KNLTB luach saothair óna urraitheoirí as na sonraí pearsanta i gceist a nochtadh.

11 Go háirithe, an 11 Meitheamh 2018, rinne KNLTB ainmneacha, seoltaí agus áiteanna cónaithe a chomhaltaí a nochtadh do TennisDirect chun críocha bileog a sheoladh ina raibh promóisin. Ina dhiaidh sin tharchuir TennisDirect an fhaisnéis seo chuig seirbhís poist PostNL le priontáil.

12 Ina theannta sin, an 29 Meitheamh 2018, nocht KNLTB do NLO, ní hamháin ainmneacha, seoltaí agus áiteanna cónaithe a chomhaltaí, dátaí breithe, uimhreacha teileafóin líne talún, uimhreacha fón póca agus seoltaí ríomhphoist a chomhaltaí, ach freisin ainmneacha na gclubanna leadóige a raibh a mbaill cleamhnaithe leo. Ba é cuspóir an nochta seo ná feachtas glaonna gutháin a reáchtáil, agus sa chomhthéacs sin tharchuir NLO na sonraí sin chuig ionaid glaonna a d'úsáid sé chun na críche sin.

13 Tar éis gearán a thaisceadh ag comhaltaí áirithe de KNLTB, mheas AP gur sháraigh KNLTB d'Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, (a) agus (f), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(1)(a) den Rialachán sin, ar an bhforas gur nocht sé sonraí pearsanta a chomhaltaí gan a dtoiliú agus gan aon bhunús dlisteanach chun a gcuid sonraí a nochtadh. Mar thoradh air sin, le cinneadh an 20 Nollaig 2019, ghearr AP fíneáil EUR 525 000 ar KNLTB.

14 Thug KNLTB caingean i gcoinne an chinnidh seo chuig Rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

15 Cé go bhfuil na páirtithe sna príomhimeachtaí ar comhthuiscint nach bhfuair KNLTB toiliú a bhaill aonair chun a sonraí pearsanta a nochtadh do na hurraitheoirí thuasluaite agus nach féidir brath ar Airteagal 6(1)(a), an chéad fhomhír, de RGCS mar bhonn leis an bpróiseáil lena mbaineann, d'áitigh KNLTB go raibh nochtadh na sonraí sin bunaithe ar leas dlisteanach, de réir bhrí Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointe (f), de RGCS. Is éard a bheadh i gceist leis an leas sin ná, ar thaobh amháin, nasc láidir a chruthú idir an cumann seo agus a bhaill, agus ar an láimh eile, a bheith in ann breisluach a thairiscint dá bhaill i bhfoirm lascainí agus tairiscintí ó chomhpháirtithe a chuireann ar chumas na mball seo leadóg a imirt ar phraghas réasúnta agus inrochtana.

16 Measann AP nach bhfuil sna leasanna dlisteanacha, de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, ach leasanna atá cumhdaithe sa dlí agus arna gcinneadh le dlí. De réir AP, ní mór a mheas gur fiú na leasanna sin a chosaint ag reachtóir an Aontais nó ag an reachtóir náisiúnta, agus ní mór iad a mheasúnú de réir 'tástáil dearfach'. Ní hamhlaidh, áfach, an cás anseo.

17 Tá dearcadh difriúil ag KNLTB, ag áitiú nach gá go n-eascródh leas dlisteanach ó cheart bunúsach ná ó phrionsabal dlíthiúil, ach go bhféadfadh aon leas a bheith ina leas dlisteanach, mura rud é go bhfuil sé contrártha leis an dlí, agus go gcaithfidh leas den sórt sin dá bhrí sin a mheasúnú de réir 'tástáil dhiúltach'.

18 I gcúrsa na n-imeachtaí os comhair na cúirte ar rinne an tarchur, tharla malartuithe idir na páirtithe sna himeachtaí sin maidir le brí an choincheapa 'leas dlisteanach' i bpointe f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, agus go háirithe maidir leis an gceist an bhféadfar a mheas gur

leas dlisteanach leas tráchtála amháin, arb éard é sonraí pearsanta chomhaltaí comhlachais leadóige a dhíol, gan a dtoiliú, le hurraitheoirí chun críocha na margaíochta dírí, a mheas mar leas dlisteanach.

19 Sna himthosca sin, agus í in amhras faoi léiriú ar choincheap na 'leasanna dlisteanacha' de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, chinn Rechtbank Amsterdam (an Chúirt Dúiche, Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhrialú:

'1. Cén léiriú ar cheart [don chúirt a rinne an tarchur] a thabhairt don choincheap 'leas dlisteanach' [de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS]?

2. An gá an coincheap seo a léiriú sa chiall a léirmhíníonn an cosantóir é? An mbaineann sé le leasanna atá cumhdaithe agus arna gcinneadh ag an dlí amháin? nó

3. An féidir leas dlisteanach a bheith i leas ar bith, chomh fada agus nach bhfuil sé contrártha leis an dlí? Ar cheart, go háirithe, leas tráchtála amháin agus an leas atá i gceist sa chás seo, eadhon sonraí pearsanta a nochtadh ar íocaíocht gan toiliú an ábhair sonraí, a mheas mar leas dlisteanach i gcúinsí áirithe? Más amhlaidh atá, cad iad na himthosca a chinneann an leas dlisteanach é leas tráchtála amháin? '

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

20 Le cinneadh an 3 Bealtaine 2023, chuir Uachtarán na Cúirte bac ar na himeachtaí sa chás seo ar feitheamh breithiúnas críochnaitheach i gCás C-252/21, *Meta Platforms agus páirtithe* eile *(Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*.

21 I gcomhréir le cinneadh Uachtarán na Cúirte an 3 Lúnasa 2023, chur an Chlárlann an chúirt a rinne an tarchur ar an eolas maidir le breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)* (C-252/21, EU:C:2023:537), á iarraidh uirthi, an raibh sí ag iarraidh, i bhfianaise an bhreithiúnais sin, a hiarraidh ar réamhrialú a choimeád ar bun, go hiomlán nó go páirteach, agus, má tharraingíonn sí cuid den iarraidh sin siar, na cúiseanna atá le cuid di a choimeád ar bun a lua.

22 I litir a fuarthas ag Clárlann na Cúirte an 14 Feabhra 2024, luaigh an chúirt sin go gcoimeádtar lena hiarraidh ar réamhrialú.

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

23 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Á choimeád sin i gcuimhne di, i gcás inarb iomchuí, tá sé de dhualgas ar an gCúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú (breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *Greislzel*, C-35/23, EU:C:2024:532, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Sa chás sin, baineann na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú leis an bhféidearthacht go dtabharfaí údar maith, ar bhonn phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1), de RGCS, do chomhlachas spóirt, sonraí pearsanta a bhaill a nochtadh, mar mhalairt ar luach saothair, d'urraitheoirí an chomhlachais sin d'fhonn gníomhaíochtaí margaíochta a chur i gcrích.

25 Dá réir sin, trína cuid ceisteanna le haghaidh réamhrialú, nach mór a fhreagairt go comhpháirteach, tá an chúirt náisiúnta ag fiafraí, go substaintiúil, an gá pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil gá le próiseáil sonraí pearsanta arb iad sonraí pearsanta ball de chónaidhm spóirt a nochtadh ar íocaíocht, d'fhonn leas tráchtála an rialaitheora a shásamh, chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, de réir bhrí na forála sin, agus má cheanglaítear leis an bhforáil sin leas den sórt sin a chinneadh le dlí.

26 Chun na ceisteanna sin a fhreagairt, tá sé tábhachtach, ar an gcéad dul síos, a mheabhrú gurb é an cuspóir atá á shaothrú ag RGCS, mar a leagtar amach in Airteagal 1 agus in aithrisí 1 agus 10 de, ná, *inter alia*, ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, agus go háirithe a gceart chun príobháideachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta, mar atá cumhdaithe in Airteagal 8(1) den Chairt agus Airteagal 16(1) CFAE (breithiúnas an 7 Márta 2024 *IAB Europe*, C-604/22, EU:C:2024:214, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ní mór d'aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, go háirithe, na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí den sórt sin a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán sin a chomhlíonadh agus na coinníollacha dlíthiúlachta atá liostaithe in Airteagal 6 den Rialachán sin a chomhlíonadh freisin (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*, C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 208, agus an 11 Iúil 2024, *Meta Platforms Ireland (Caingean ionadaíoch)*, C-757/22, EU:C:2024:598, mír 49)).

28 I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl nach mór, faoi Airteagal 5(1)(a) de RGCS, sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí.

29 Go háirithe, mar a chinn an Chúirt, foráiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS liosta uileghabhálach agus sriantach de na cásanna ina bhféadfaí a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Chun a mheas go bhfuil próiseáil dleathach, ní mór di teacht faoi cheann de na cásanna dá bhforáiltear sna forálacha sin (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 90).

30 Faoi phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, measfar próiseáil sonraí pearsanta a bheith dleathach má tá, agus sa mhéid atá, toiliú tugtha ag an ábhar sonraí ina leith sin chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha; In éagmais toiliú den sórt sin, nó i gcás nár tugadh an toiliú sin ar bhealach saor, sonrach, feasach agus gan athbhrí, de réir bhrí Airteagal 4, pointe 11, den Rialachán sin, tá údar le próiseáil den sórt sin mar sin féin i gcás ina gcomhlíonann sé ceann de na ceanglais maidir le riachtanas dá dtagraítear i bpointí (b) go (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

31 Sa chomhthéacs sin, ní mór na húdair dá bhforáiltear san fhoráil sin, sa mhéid is féidir iad a úsáid chun gur dleathach próiseáil sonraí arna déanamh gan toiliú ón ábhar sonraí, a léiriú go docht (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta*), C-252/21, EU:C:2023:537, mír 93 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Thairis sin, agus mar a dhearbhaigh an Chúirt, i gcás inar féidir a chinneadh go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta riachtanach faoi cheann de na húdair dá bhforáiltear i bpointí (b) go (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1), de RGCS, ní gá a fhíorú an dtagann an phróiseáil seo faoi cheann eile de na húdair sin chomh maith (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta*), C-252/21, EU:C:2023:537, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Chinn an Chúirt freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5 de RGCS, gur ar an rialaitheoir atá an dualgas a chruthú gur chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha a bhailítear na sonraí agus go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(1)(c) den Rialachán sin, i gcás go mbailítear sonraí pearsanta ón ábhar sonraí, is faoin rialaitheoir atá an dualgas an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoi chríocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe agus faoin mbunús dlí don phróiseáil sin (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta*), C-252/21, EU:C:2023:537, mír 95).

34 Sa chás seo, is léir ón gcáschomhad atá ag an gCúirt nár thoiligh baill KNLTB, de réir bhrí phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, le KNLTB a sonraí pearsanta a nochtadh do thríú páirtithe, go háirithe TennisDirect agus NLO, ar íocaíocht.

35 Sna himthosca sin, chun freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, tá sé tábhachtach a fháil amach an bhfuil forálacha de phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den rialachán sin, dá dtagraítear go sonrach sa tarchur le haghaidh réamhrialú, chun údar a thabhairt le sonraí den sórt sin a nochtadh do na tríú páirtithe sin.

36 Maidir leis seo, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach más rud é gur 'gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.

37 Mar a chinn an Chúirt cheana féin, leagtar síos san fhoráil sin trí choinníoll charnacha chun go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta dleathach, eadhon, ar an gcéad dul síos, leas dlisteanach a bheith á shaothrú ag rialaitheoir nó ag tríú páirtí; ar an dara dul síos, an gá atá le sonraí pearsanta a phróiseáil chun an leas dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach; agus, ar an tríú dul síos, an coinníoll nach mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha an duine lena mbaineann an chosaint sonraí ar leas dlisteanach an rialaitheora nó an tríú páirtí (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta*), C-252/21, EU:C:2023:537, mír 106 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le 'leas dlisteanach' a shaothrú, ar an gcéad dul síos, ba cheart a chur in iúl, in éagmais sainmhínithe ar an gcoincheap sin sa RGCS, mar a chinn an Chúirt cheana féin, gur féidir, i bprionsabal, raon leathan leasanna a mheas mar leasanna dlisteanacha (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 7 Nollaig 2023, *SCHUFA Holding (Urscaoileadh na bhfiachas gan íoc)*, C-26/22 agus C-64/22, EU:C:2023:958, mír 76).

39 Mar is léir freisin ó aithris 47 sa bhrollach a ghabhann le RGCS, a dhéileálann leis an gcoincheap 'leas dlisteanach', níor cheangail reachtóir an Aontais go ndéanfaí foráil le dlí don leas arna shaothrú ag rialaitheoir chun go mbeadh próiseáil sonraí pearsanta ag an rialaitheoir sin dlisteanach de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin. Tá sé seo fíor go háirithe ós rud é go bhfuil sé luaite leis an aithris seo, mar shampla, críocha margaíochta dírí go ginearálta mar leasanna dlisteanacha a bhféadfaidh rialaitheoir sonraí a shaothrú.

40 Mar sin féin, cé nach bhfuil an coincheap 'leas dlisteanach' de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS teoranta do leasanna atá cumhdaithe arna gcinneadh le dlí, éilítear leis, áfach, go bhfuil an leas dlisteanach líomhnaithe dleathach.

41 Ina theannta sin, ní mór a shonrú, i gcomhréir le hAirteagal 13(1)(d) de RGCS, gur faoin rialaitheoir atá sé, tráth a gheofar sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ón ábhar sonraí sin, na leasanna dlisteanacha atá á saothrú a léiriú dó i gcás ina bhfuil an phróiseáil sin bunaithe ar phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 107).

42 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoinníoll gur ghá don phróiseáil sonraí pearsanta chun an leas dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach, ceanglaítear leis an gcoinníoll sin ar an gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú nach féidir leas dlisteanach na próiseála sonraí atá á shaothrú a bhaint amach go réasúnta ar bhealaí eile atá chomh héifeachtach céanna nach ndéanann an oiread sin dochair do shaoirsí agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, go háirithe na cearta go n-urramófaí an saol príobháideach agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt (breithiúnas an 7 Nollaig 2023, S*CHUFA Holding (Urscaoileadh na bhfiachas gan íoc)*, C-26/22 agus C-64/22, EU:C:2023:958, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheabhrú chomh maith nach mór an coinníoll a bhaineann le gá na próiseála a scrúdú i gcomhar leis an bprionsabal i dtaobh 'íoslaghdú sonraí' a chumhdaítear in Airteagal 5(1)(c) de RGCS, lena bhforáiltear nach mór do na sonraí pearsanta a bheith 'leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil' (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ar deireadh, maidir leis an tríú coinníoll, is é sin nach mbeidh sáraíocht ag leasanna nó saoirsí agus cearta bunúsacha an duine lena mbaineann an chosaint sonraí ar leas dlisteanach an rialaitheora nó an tríú páirtí, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil sé i gceist leis an gceanglas sin na cearta agus na leasanna freasúracha atá i gceist a chothromú, ar cearta agus leasanna iad atá ag brath, i bprionsabal, ar imthosca sonracha an cháis aonair agus, dá bhrí sin, gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé an cothromú sin a dhéanamh agus na himthosca sonracha sin á gcur san áireamh aici (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 110 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Ina theannta sin, agus mar is léir ó aithris 47 de RGCS, d'fhéadfadh, go háirithe, sáraíocht a bheith ag leasanna agus ag cearta bunúsacha an ábhair sonraí ar leas an rialaitheora sonraí i gcás ina ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil in imthosca nach mbeadh na hábhair sonraí ag súil leis go ndéanfaí a leithéid de phróiseáil iontu (breithiúnas an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 112).

46 Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur ar deireadh thiar atá sé a chinneadh an bhfuil, maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá i gceist sna príomhimeachtaí, na trí choinníoll dá dtagraítear i mír 37 den bhreithiúnas seo á gcomhlíonadh, féadfaidh an Chúirt agus í ag rialú ar tharchur le haghaidh réamhrialú, soiléiriú a sholáthar a bheartaítear chun an chúirt sin a threorú sa chinneadh sin (breithiúnais an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 96, agus an 7 Nollaig 2023, *SCHUFA Holding (Urscaoileadh na bhfiachas gan íoc)*, C-26/22 agus C-64/22, EU:C:2023:958 mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le leas dlisteanach a bheith á shaothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do leas tráchtála an rialaitheora, eadhon cónaidhm spóirt mar KNLTB, arb é atá ann sonraí pearsanta a baill a nochtadh le tríú páirtithe ar íocaíocht, eadhon cuideachta a dhíolann táirgí spóirt agus soláthróir cluichí áidh agus cluichí casino san Ísiltír, chun críocha fógraíochta nó margaíochta, go háirithe, d'fhonn teachtaireachtaí fógraíochta agus margaíochta a sheoladh chuig na baill sin ó na cuideachtaí sin.

48 Chuige sin, níor chuir an Chúirt as an áireamh an fhéidearthacht go bhféadfaí leas tráchtála de chuid an rialaitheora, arb é atá ann ná spás fógraíochta a chur chun cinn agus a dhíol chun críocha margaíochta, a mheas mar leas dlisteanach de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS (féach, de réir analaí, breithiúnas an 13 Bealtaine 2014 *Google Spain agus Google*, C-131/12, EU:C:2014:317, mír 73).

49 Sna himthosca sin, d'fhéadfadh leas tráchtála ar thaobh an rialaitheora, amhail an leas dá dtagraítear i mír 47 den bhreithiúnas seo, a bheith ina leas dlisteanach de réir bhrí phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, ar choinníoll nach bhfuil sé contrártha don dlí. Mar sin féin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, an bhfuil leas den sórt sin ann, agus an creat ábhartha dlíthiúil agus imthosca uile an cháis á gcur san áireamh acu.

50 I gcás go meastar leas den sórt sin a bheith dlisteanach, chun go bhféadfaí an leas sin a shaothrú chun próiseáil sonraí pearsanta a cheadú faoi phointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS, ní mór don rialaitheoir na hoibleagáidí eile go léir atá air faoin Rialachán a chomhlíonadh.

51 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann leis an ngá atá leis an bpróiseáil sin chun an leas sin a bhaint amach agus, go háirithe, bealaí chomh hiomchuí céanna a bheith ann nach ndéanann an oiread sin dochair do shaoirsí agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh, go háirithe, cónaidhm spóirt ar nós KNLTB, ar mian leo sonraí pearsanta a chomhaltaí a nochtadh do thríú páirtithe ar íocaíocht, a bhaill a chur ar an eolas roimh ré agus fiafraí díobh an mian leo go gcuirfí a gcuid sonraí ar aghaidh chuig na tríú páirtithe seo chun críocha fógraíochta nó margaíochta.

52 Chuirfeadh an réiteach seo ar chumas na gcomhaltaí lena mbaineann, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí dá dtagraítear i mír 43 den bhreithiúnais seo, smacht a choinneáil ar nochtadh a sonraí pearsanta agus ar an gcaoi sin nochtadh na sonraí sin a theorannú go dtí an méid atá riachtanach agus ábhartha i ndáiríre i bhfianaise na gcríoch dá ndéantar na sonraí a tharchur agus a phróiseáil (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2024 *HTB Neunte Immobilien Portfolio agus Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV*, C-17/22 agus C-18/22, EU:C:2024:738, mír 60).

53 D'fhéadfadh nós imeachta amhail an nós imeachta a thuairiscítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo cur isteach níos lú a chur ar cheart an ábhar sonraí chun rúndacht a shonraí pearsanta a chosaint, agus é a chur ar chumas an rialaitheora an leas dlisteanach a bhfuil sé ag brath air a shaothrú, ar bhealach atá chomh héifeachtúil céanna, rud atá le fíorú, áfach, ag an gcúirt a rinne an tarchur (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2024 *HTB Neunte Immobilien Portfolio agus Ökorenta Neue Energien Ökostabil IV*, C-17/22 agus C-18/22, EU:C:2024:738, mír 61).

54 Ar an tríú dul síos, maidir le cothromú leasanna atá faoi chúram na cúirte a rinne an tarchur i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ní mór don chúirt sin aird a thabhairt go háirithe ar ionchais réasúnacha an ábhair sonraí agus ar mhéid na próiseála atá i gceist agus ar a tionchar ar an duine sin (breithiúnais an 4 Iúil 2023, *Meta Platforms agus páirtithe eile (Coinníollacha ginearálta úsáide de líonra sóisialta)*, C-252/21, EU:C:2023:537, mír 116).

55 I gcomhthéacs cothromú den sórt sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach an féidir tús áite a thabhairt don cheart atá ag baill do comhlachais leadóige chun príobháideachta maidir le próiseáil a sonraí pearsanta, atá cumhdaithe in Airteagal 8(1) den Chairt agus in Airteagal 16(1) CFAE leasanna tráchtála cónaidhm náisiúnta leadóige. Chuige sin, mar is léir ó aithris 47 de RGCS, gur cheart tábhacht ar leith a chur leis an gceist an bhféadfadh na baill sin a bheith ag súil, go réasúnach, tráth a bailíodh a sonraí pearsanta chun bheith ina mbaill de chomhlachas leadóige, go nochtfaí na sonraí sin ar íocaíocht do thríú páirtithe, sa chás seo d'urraitheoirí KNLTB, chun críocha fógraíochta agus margaíochta.

56 Ina theannta sin, ní mór don chúirt a rinne an tarchur a chur san áireamh go ndéantar na sonraí atá i gceist a tharchur chuig soláthraí cluichí áidh agus cluichí casino, amhail NLO, a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí cur chun cinn agus margaíochta, cé go bhfuil siad dlisteanach, á dhéanamh i gcomhthéacs, contrártha leis an méid a leanann ó aithris 47 de RGCS, nach cosúil go bhfuil gaol ábhartha agus iomchuí idir na hábhair sonraí agus an rialaitheoir mar shaintréithe aige. Ina theannta sin, i gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith ag próiseáil sonraí den sórt sin ar bhaill na gcumann leadóige lena mbaineann a mhéid is dócha go gcuirfeadh na gníomhaíochtaí seo na baill sin i mbaol rioscaí a bhaineann le handúil chearrbhachais.

57 I bhfianaise an mhéid sin thuas, is é an freagra ar na ceisteanna le haghaidh réamhrialú, ná nach mór pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de RGCS a léiriú sa chaoi a chiallaíonn nach féidir a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta arb iad sonraí pearsanta ball de chónaidhm spóirt a nochtadh ar íocaíocht, d'fhonn leas tráchtála an rialaitheora a shásamh, chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir, de réir bhrí na forála sin, ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil fíorghá le próiseáil den sórt sin chun an leas dlisteanach atá i gceist a chomhlíonadh agus, ag féachaint do na himthosca ábhartha uile, nach mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí na mball sin ar an leas dlisteanach sin. Cé nach n-éilíonn an fhoráil seo leas den sórt sin a chinneadh le dlí, ceanglaíonn sí go bhfuil an leas dlisteanach líomhnaithe dleathach.

Costais

58 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le pointe (f) den chéad fhomhír d'Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí),

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní féidir a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta arb iad sonraí pearsanta ball de chónaidhm spóirt a nochtadh ar íocaíocht, d'fhonn leas tráchtála an rialaitheora a shásamh, chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir, de réir bhrí na forála sin, ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil fíorghá le próiseáil den sórt sin chun an leas dlisteanach atá i gceist a chomhlíonadh agus, ag féachaint do na himthosca ábhartha uile, nach mbeidh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí na mball sin ar an leas dlisteanach sin. Cé nach n-éilíonn an fhoráil seo leas den sórt sin a chinneadh le dlí, ceanglaíonn sí go bhfuil an leas dlisteanach líomhnaithe dleathach.

Sínithe